Partnership for the Arts

70 Merrion Square, Dublin 2, Ireland
t + 353 1 6180200
f + 353 1 6761302
Callsave 1850 392 492
e info@artscouncil.ie
w www.artscouncil.ie

Published: December 2005

ISSN 0790 -1593
ISBN 1-904291-17-1

Partnership for the Arts

Arts Council Goals 2006-2010

Contents

Introduction 1

Our role 3
- Our remit from Government 6
- Perspectives on our role 7
- Our values 8

Our goals 11
- Value of the arts in society 16
- Artists 18
- People 20
- Arts organisations 24
- Arts Council 26

Introduction

Partnership for the Arts sets out the framework of values, principles and goals that will guide the Arts Council in its work. It recognises that the life of an artist is one of constant change, and that a professional arts organisation, poised between artist and audience, must always be prepared to provide for changing needs and sometimes to promote changing perspectives.

Irish society is rapidly evolving, with a thriving economy, new lifestyles and work patterns, and a growing and increasingly diverse population. The arts have a central and distinctive contribution to make to our evolving society.
If the full potential of that contribution is to be realised, the arts need reliable support in this atmosphere of constant change.

Our approach, as set out in this document, is based on partnership. We recognise that our goals can be achieved only if the Arts Council, the arts community and a wide range of other interested agencies and organisations work together to support the arts for the enrichment of Irish society.

Partnership can prosper only in an atmosphere of frank and open dialogue. *Partnership for the Arts*, which draws on an extensive programme of discussions with the arts community and with others, marks the start of a new way of working to create and maintain such dialogue.

This document is grounded in our values and in our remit from Government. It draws on our professional expertise and reflection, and on what has been learned from our discussions with members of the arts community and others about the key challenges facing the arts, about the resources that are needed, and about how and where those resources should best be deployed.

We have listened carefully to what has been said by an arts community that is visionary in its ambition but constrained by limited resources from fulfilling its true potential. Our role, as we define it at the end of this long period of reflection and consultation, is to bring strong leadership and passionate advocacy to bear on the challenge of providing adequately for the arts. *Partnership for the Arts* sets out our current understanding of how best to fulfil that role.

Our role

Our role is grounded in our remit from Government, informed by perspectives from the arts community, and shaped by our values.

Our remit from Government

The Arts Council is an autonomous statutory agency set up by Government to promote the development of and participation in the arts.

Our core functions under the Arts Act 2003 are to:

- stimulate public interest in the arts;
- promote knowledge, appreciation and practice of the arts;
- assist in improving standards in the arts;
- advise the Minister and other public bodies on the arts.

We do this by:

- providing financial assistance, mainly, but not exclusively, to artists and arts organisations; we also support others who develop and promote the arts;
- offering advice and information on the arts to Government and to others;
- publishing research and information as an advocate for the arts and artists;
- undertaking a range of projects to promote and develop the arts, often in partnership with others.

Perspectives on our role

Our discussions with the arts community have made us aware of key responsibilities:

Investment
There has been a welcome growth in support for the arts, but artists' incomes remain low and arts organisations struggle to make ends meet. The value of the historic investment in the arts remains under-realised as organisations are forced to spend time keeping the ship afloat. The Arts Council needs to seek more resources for the arts; and invest the resources at its disposal more strategically, identifying gaps in the spectrum of arts activity and supporting new ideas.

Different types of investment are needed: flexible funding programmes to respond to new ideas and developments, and funding mechanisms that provide greater security and stability year-on-year.

Support
The arts community expects the Arts Council to respect artists and arts organisations and to provide expertise, advice and guidance based on its understanding of the context in which they work.

Advocacy
The Arts Council has a responsibility to take an overview of the needs of the arts, to identify changes needed and champion these robustly, rigorously, and in partnership with the arts community.

Communication
The Arts Council needs more specific and clearly articulated policies, developed in dialogue with the arts community and others affected by these policies. These should clearly state what the Arts Council will and will not support and the reasons why.

Our values

Our role is influenced by the core values that shape our work.

Living arts
Our priority is to focus our work on the contemporary arts and to support living artists. At the same time, we acknowledge the value of the art of the past, and will support this where it is important for the work of the living artist.

Freedom
The existence of the Arts Council symbolises the State's guarantee of intellectual and artistic freedom in its support of the arts. The Arts Council is a statutory agency, with unique expertise, and its decision-making is autonomous from Government. In fulfilling our role, we seek to ensure that our decisions do not in any way impede the liberty of the artist to make art as he or she sees fit. Respect for the autonomy of artists and arts organisations in their artistic decisions is a core value.

Diversity
We acknowledge and value the diverse ways in which artists work. We seek to extend our support across the entire spectrum of artistic activity. We acknowledge also the diversity of ways in which people experience the arts. Further, we acknowledge the increasing cultural diversity of our society and the role of the arts in expressing and celebrating this diversity.

Highest standards
Within our available resources, we assist those we support to achieve the highest possible standards in all aspects of their work.

We are committed to creating conditions in which artists of all disciplines can make work of the highest standard. We are committed to supporting those artists and arts organisations that are dedicated to the pursuit of excellence in idea and execution. We value both achievement and potential, recognising that the making of good art involves enquiry, exploration and sometimes the unexpected.

The public
We have two responsibilities to the public. One is the responsibility to provide a wide variety of opportunities to experience the arts. The second is a ‘duty of care’ - to the taxpayer in particular - to ensure that public funds allocated to the arts are dispersed fairly and in accordance with stated policies and good public-service practice.

Long-term development
We seek to make our decisions for the benefit of the arts in the long term, and we are committed to working with others in achieving long-term goals, while responding, where necessary, to immediate and urgent needs.

Our goals

These goals are based on our interpretation of our role in the current arts landscape; and on detailed discussions with the arts community, public policy makers and others.

Our goals

Affirm and promote the value of the arts in society.

Assist artists in realising their artistic ambitions.

Make it possible for people to extend and enhance their experiences of the arts.

Strengthen arts organisations countrywide so as to secure the basis of a vibrant and stable arts community.

Ensure the Arts Council works effectively.

Affirm and promote the value of the arts in society

To achieve this goal we will:

Support artists and arts organisations to promote and advocate for themselves and their work.

Inform public appreciation of the contribution of the arts to daily life.

Engage with Government departments and agencies, and with the voluntary and private sectors, to ensure that the arts are central in society.

Support artists and arts organisations to promote and advocate for themselves and their work.

In practice this means we will:

create a support programme, with appropriate resources, to enable artists and arts organisations to advocate and lobby on important issues;

offer training and development opportunities for personnel within arts organisations to enable them to become effective advocates for the arts.

Inform public appreciation of the contribution of the arts to daily life.

In practice this means we will:

update the 1994 *The Public and the Arts* study to highlight changes in attitudes to the arts;

design and implement a public awareness campaign, in partnership with artists and arts organisations;

design and implement a programme, in partnership with local authorities, to highlight the contribution of the arts at local level.

Engage with government departments and agencies, and with the voluntary and private sectors, to ensure that the arts are central in society.

In practice this means we will:

design and implement an advocacy programme to highlight the value of the arts to public policy makers;

design and implement an advocacy programme to highlight the centrality of arts education in all artforms;

This will include:

- co-operation with the Department of Education, and local arts partnerships, to ensure that arts experiences of the highest quality are available to schools and elsewhere within the formal education system;

- co-operation with those involved in non-formal education to make a strong case for the arts to be included in life-long learning policies and initiatives;

create a support programme, based on partnership principles, to assist public sector and voluntary agencies to introduce the arts into their work.

Assist artists in realising their artistic ambitions

To achieve this goal we will:

Improve our range of practical supports.

Support artists in reaching audiences for their work.

Improve artists' living and working conditions.

Improve our range of practical supports.

In practice this means we will:

reform funding programmes to make them more suited to artists' known and emerging needs;

provide the information and advice that artists need to develop and sustain their work, through support to specialist organisations.

Support artists in reaching audiences for their work.

In practice this means we will:

revise and improve our supports for the dissemination of artistic work through touring, broadcast, publishing and recording;

design and implement a new programme to strengthen the marketing capacity of arts organisations.

Improve artists' living and working conditions.

In practice this means we will:

undertake a major study of living and working conditions of artists in Ireland, with international comparisons, and respond appropriately;

implement new funding conditions to ensure Arts Council-funded organisations provide adequate pay and working conditions for artists;

agree and implement standards for the employment and commissioning of artists by arts organisations and others;

advocate for comprehensive provision of education and training opportunities for artists;

establish the professional development needs of artists within each artform and area of arts practice, and put in place a programme for meeting them.

Make it possible for people to extend and enhance their experiences of the arts

To achieve this goal we will:

Support arts organisations and other specialist organisations and bodies, to enable more people to experience the arts.

Acknowledge and support the growing role of local authorities.

Create better opportunities for young people to experience the arts.

Recognise and support the important contribution of voluntary groups and the amateur arts.

Extend opportunities for people to work collaboratively with artists.

Support arts organisations and other specialist organisations and bodies, to enable more people to experience the arts.

In practice this means we will:

develop a support programme to extend the reach of arts organisations in a manner appropriate to their remit and ambition;

develop a support programme to enable arts organisations to enhance people's experience of the arts;

create and maintain partnerships with specialist public-sector and voluntary organisations to increase high-quality artistic opportunities for people of all ages and cultures.

Acknowledge and support the growing role of local authorities.

In practice this means we will:

create a new support programme to meet the known and emerging needs of local authorities in arts development, including specialist artistic expertise;

in partnership with local authorities, identify new and sustainable resources for the arts at local level, to augment project-based funding;

work with arts officers and the City and County Managers' Association to develop appropriate and sensitive performance indicators for the arts.

Create better opportunities for young people to experience the arts.

In practice this means we will:

create a new support programme for arts organisations to enable them to identify and provide high-quality arts experiences for children;

design and implement a programme to provide high-quality arts experiences through local arts-in-education partnerships at first, second and third level;

in partnership with the Department of Education and Science and others, test the feasibility of a countrywide education initiative, starting with music education;

work with other agencies to support arts practice in non-formal education;

implement a new programme to support youth ensembles and national youth arts resource organisations.

Make it possible for people to extend and enhance their experiences of the arts

Recognise and support the important contribution of voluntary groups and the amateur arts.

In practice this means we will:

complete a study of voluntary and amateur arts practice to find the most effective ways of supporting key organisations;

prepare and publish, in partnership with relevant organisations and agencies, a policy for voluntary and amateur arts.

Extend opportunities for people to work collaboratively with artists

In practice this means we will:

move towards longer-term and sustainable funding for collaborative arts work in communities, within the health sector, and in other contexts;

expand and improve existing residency programmes for artists in schools, in prisons, in libraries, in communities and in other settings.

Strengthen arts organisations countrywide so as to secure the basis of a vibrant and stable arts community

To achieve this goal we will:

Tailor our approach to funding to respond to the scale, nature and needs of arts organisations.

Strengthen and make more secure a group of key arts organisations.

Increase support for the arts from other funders and through other means.

Tailor our approach to funding to respond to the scale, nature and needs of arts organisations.

In practice this means we will:

create a new funding programme that responds to differing needs;

ensure our information requirements are appropriate to the scale and nature of the organisations we fund;

review and clarify the way in which we evaluate and respond accordingly.

Strengthen and make more secure a group of key arts organisations.

In practice this means we will:

review how we give financial support, emphasising ongoing stability from year to year for organisations undertaking strategically important activities; policies informing the definition of strategically important activities will be reviewed on an on going basis;

provide the information and advice that key arts organisations need to develop and sustain their work.

Increase support for the arts from other funders and through other means.

In practice this means we will:

design a programme to increase philanthropic support for the arts;

provide the supports that arts organisations need to make their case to, and to build relationships with, potential funders;

make proposals to Government to create a more beneficial VAT status for arts organisations;

negotiate funding partnerships, with local authorities and other agencies, to secure long-term stability for strategically important activities of arts organisations;

make proposals to Government outlining the real needs for capital investment in the arts.

Ensure the Arts Council works effectively

To achieve this goal we will:

Strengthen our capacity to make the case for the arts.

Enhance our relationship with the arts community.

Follow a policy-based approach.

Prepare and publish a detailed implementation plan and measure results.

Strengthen our capacity to make the case for the arts.

In practice this means we will:

improve our ability to communicate clearly, directly and effectively with and on behalf of the arts community, and also with others.

Enhance our relationship with the arts community.

In practice this means we will:

bring in a new way of working, based on open communication and on the principles of sharing of knowledge, information and expertise;

make all our processes user-friendly while meeting our responsibility to account to Government. Encourage people to come and talk about their ideas, ambitions and plans, even at an early stage;

look at new ways of providing financial support and increased financial stability.

Follow a policy-based approach.

In practice this means we will:

examine each of our work areas in partnership with the arts community, and publish detailed policy statements arising from these discussions that set out the rationale for our priorities and the funding decisions we make;

ensure we have the capacity to implement our policies, once agreed;

ensure our policies are flexible enough to respond to new developments, while keeping the long-term overall interests of the arts in view; and review our policies regularly;

establish a new programme to improve our capacity to work in partnership with other agencies and bodies, in order to ensure that our policies are relevant and achievable, and that we meet our responsibility to advise Government.

Prepare and publish a detailed implementation plan and measure results.

In practice this means we will:

introduce a system that allows us to measure whether we are succeeding or failing in achieving our goals;

prepare and publish annual action plans that set out our priorities for the year and explain how they relate to achieving our goals.

Comhpháirtíocht ar son na nEalaíon

Cuspóirí na Comhairle Ealaíon 2006 - 2010

Clár

Réamhrá 1

Ár ról 3
- Ár saindualgas ón Rialtas 6
- Peirspictíochtaí ar ról na Comhairle 7
- Ár luachanna 8

Ár gCuspóirí 11
- Luach na n-ealaíon sa tsochaí 16
- Ealaíontóirí 18
- Daoine 20
- Eagraíochtaí ealaíne 24
- An Chomhairle Ealaíon 26

Réamhrá

Is é atá i *gComhpháirtíocht ar son na nEalaíon* ná creatlach luachanna, prionsabal agus cuspóirí a threoróidh obair na Comhairle Ealaíon sna blianta atá le teacht. Aithnítear go mbíonn saol an ealaíontóra ag síorathrú agus gur dual d'eagraíocht ghairmiúil ealaíne, atá suite idir an t-ealaíontóir agus an lucht féachana/éisteachta, a bheidh réidh chun freastal ar na riachtanais de réir mar a athraíonn siad agus, corruair, chun peirspictíochtaí nua a chur chun cinn.

Tá forás tapa faoi shochaí na hÉireann féin. Tá borradh faoin ngeilleagar, tá stíleanna maireachtála agus patrúin oibre nua ag teacht chun cinn agus tá an daonra ag dul i líonmhaireacht agus in éagsúlacht. Beidh tionchar mór sainiúil ag na healaíona ar an tsochaí fhorásach seo. Má táthar chun lántairbhe a bhaint as na healaíona, teastaíonn tacaíocht iontaofa a sholáthar, i dtimpeallacht chlaochlaitheach, athraitheach.

Is ar an gcomhpháirteachas atá ár gcur chuige bunaithe, de réir mar a mhínítear sa doiciméad seo. Tuigimid nach mbainfear ár gcuspóirí amach mura mbíonn an Chomhairle Ealaíon, lucht na n-ealaíon agus raon leathan de ghníomhaireachtaí agus d'eagraíochtaí leasmhara eile ag saothrú le chéile chun tacú leis na healaíona agus sochaí na hÉireann a shaibhriú.

Ní bheidh rath ar an gcomhpháirteachas gan dialóg ionraic oscailte. Tá *Comhpháirtíocht ar son na nEalaíon* bunaithe ar shraith chuimsitheach comhphléite le lucht na n-ealaíon agus le páirtithe eile. Tionscnaíonn sé modh oibre nua a cruthóidh agus a bhuanóidh dialóg den chineál atá riachtanach.

Tá an doiciméad seo fréamhaithe inár luachanna féin agus sa saindualgas a chuir an Rialtas orainn. Toradh is ea é ar ár saineolas gairmiúil agus ar ár machnamh, ar an méid a d'fhoghlaimíomar sa chomhphlé le lucht na n-ealaíon agus le páirtithe eile faoi na dúshláin is mó atá rompu, na hacmhainní a theastaíonn uathu agus conas ab fhearr na hacmhainní sin a úsáid.

D'éisteamar go haireach lena bhfuil le rá ag lucht na n-ealaíon. Dream iad siúd a bhfuil fís agus uaillmhian acu ach a choinnítear cúl orthu de dheasca easpa acmhainní. Is é an ról atá againne, de réir mar a shainmhínímid féin é i ndeireadh na tréimhse fada machnaimh agus comhairliúcháin seo, ná ceannaireacht láidir agus agairt phaiseanta a sholáthar agus muid ag dul i ngleic leis an dúshlán seo, conas dóthain acmhainní a chur ar fáil i gcomhair na n-ealaíon. In *Comhpháirtíocht ar son na nEalaíon* mínítear an tuiscint atá againn faoi láthair ar conas ab fhearr is féidir an ról sin a chomhlíonadh.

Ár ról

Tá ár ról fréamhaithe sa saindualgas a chuir an Rialtas orainn. Bíonn aird againn ar pheirspictíochtaí lucht na n-ealaíon freisin, agus bíonn ár ról á mhúnlú ag ár luachanna féin.

Ár saindualgas ón Rialtas

Gníomhaireacht neamhspleách reachtúil is ea an Chomhairle Ealaíon, a chuir an Rialtas ar bun chun forbairt na n-ealaíon agus rannpháirteachas sna healaíona a chur chun cinn.

Is iad ár gcroí-fheidhmeanna faoi bhun Acht Ealaíon 2003 ná:

- spéis an phobail sna healaíona a spreagadh
- eolas agus léirthuiscint i leith na n-ealaíon, agus cleachtadh na n-ealaíon a chur chun cinn;
- cabhrú le caighdeáin sna healaíona a fheabhsú;
- comhairle i dtaobh na n-ealaíon a chur ar an Aire agus ar ghníomhaireachtaí eile rialtais.

Déanaimid sin trí:

- cabhair airgeadais a chur ar fáil d'ealaíontóirí agus d'eagraíochtaí ealaíne den chuid is mó, ach do roinnt páirtithe eile freisin. Tacóimid le páirtithe eile a dhéanann na healaíona a fhorbairt agus a chur chun cinn.
- comhairle agus eolas i dtaobh na n-ealaíon a thairiscint don Rialtas agus do pháirtithe eile;
- taighde agus eolas a fhoilsiú agus feidhmiú mar abhcóide ar son na n-ealaíon agus ealaíontóirí;
- tabhairt faoi raon tionscadal chun na healaíona a chur chun cinn agus a fhorbairt, cuid mhór acu i gcomhpháirt le páirtithe eile.

Peirspictíochtaí ar ról na Comhairle

Cuireadh na heochair-thosaíochtaí seo a leanas ar ár súile dúinn de thoradh ar ár gcomhphléite le lucht na n-ealaíon:

Infheistíocht
In ainneoin go bhfuil méadaithe ar thacaíocht d'ealaíontóirí, bíonn ioncam ealaíontóirí fós íseal agus is deacair d'eagraíochtaí ealaíne a gcás a riar. Níor baineadh lántairbhe as an infheistíocht atá déanta sna healaíona go dtí seo toisc go mbíonn ar na heagraíochtaí a oiread sin ama a chaitheamh ag iarraidh teacht slán. Caithfidh an Chomhairle Ealaíon tuilleadh acmhainní a lorg ar son na n-ealaíon agus na hacmhainní atá aici a infheistiú ar shlí níos straitéisí, bearnaí a aithint sa raon gníomhaíochtaí ealaíne agus tacú le smaointe nua.

Teastaíonn cineálacha difriúla infheistíochta: cláir mhaoinithe sholúbtha a fhreagraíonn do smaointe agus d'fhorbairtí nua, agus meicníochtaí maoinithe a chinntíonn tuilleadh seasmhachta agus cobhsaíochta ó bhliain go bliain.

Tacaíocht
Bíonn lucht na n-ealaíon ag súil leis an gComhairle Ealaíon meas a bheith aici ar ealaíontóirí agus ar eagraíochtaí ealaíne agus saineolas, comhairle agus treoir a chur ar fáil de réir a tuisceana ar an gcomhthéacs ina saotharaíonn siad.

Abhcóideacht
Tá dualgas ar an gComhairle Ealaíon riachtanais na n-ealaíon a fhorbhreathnú, na hathruithe a theastaíonn a aithint agus agairt go dúthrachtach ar a son agus sin a dhéanamh i gcomhar le lucht na n-ealaíon.

Cumarsáid
Caithfidh an Chomhairle Ealaíon beartais níos sainiúla a cheapadh agus iad a chur in iúl níos soiléire. Is beartais iad seo a fhorbrófar trí dhialóg le lucht na n-ealaíon agus le páirtithe eile a mbeidh tionchar ag na beartais orthu. Ba chóir go soiléireoidís cad iad na rudaí a dtacóidh nó nach dtacóidh an Chomhairle Ealaíon leo agus cén fáth.

Ár luachanna

Cuirimid ár ról i gcrích de réir na gcroí-luachanna a mhúnlaíonn ár gcuid oibre.

Na healaíona beo
Tá sé de thosaíocht againn díriú ar na healaíona comhaimseartha agus tacú le healaíontóirí beo. Sin ráite, admhaímid cé chomh luachmhar is atá saothar ealaíne an ama atá thart, agus tacóimid leis i gcás go bhfuil sé tábhachtach don ealaíontóir beo.

Saoirse
Is ionann an Chomhairle Ealaíon a bheith ann agus comhartha ón Stát nach baol do shaoirse intleachtach agus ealaíne sa tacaíocht a thugann sé do na healaíona. Is gníomhaireacht reachtúil í an Chomhairle Ealaíon, agus tá saineolas aici nach bhfuil ag aon ghníomhaireacht eile. Tá cinnteoireacht na Comhairle neamhspleách ar an Rialtas. Agus muid ag comhlíonadh ár róil, féachaimid chuige gan srian a chur ar shaoirse an ealaíontóra saothair ealaíne a chruthú mar is rogha leis/léi féin. Is luach lárnach dár gcuid meas a bheith againn ar neamhspleáchas ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíne ina ngnóthaí ealaíne i gcónaí.

Éagsúlacht
Tá tuiscint agus meas mór againn ar na slite éagsúla ina saothraíonn ealaíontóirí. Déanaimid féin iarracht chun go gclúdódh ár dtacaíocht an raon iomlán de ghníomhaíochtaí ealaíne. Admhaímid freisin nach mar a chéile a bhlaiseann gach duine de na healaíona. Anuas air sin, tuigimid go bhfuil éagsúlacht chultúrtha sa tsochaí seo nach raibh ann riamh cheana, agus go mbíonn ról ag ealaíontóirí maidir leis an éagsúlacht sin a léiriú agus a cheiliúradh.

Sárchaighdeáin
Cabhraímid, de réir na n-acmhainní atá le fáil againn, leo sin a dtacaímid leo chun go sroichfidh siad na caighdeáin is airde is féidir i ngach gné dá gcuid oibre.

Táimid tiomanta do dhálaí a chruthú inár féidir le healaíontóirí i ngach disciplín saothar sárchaighdeáin a chur ar fáil. Táimid tiomanta do bheith ag tacú leis na healaíontóirí agus na heagraíochtaí ealaíne a léiríonn díograis chun dearscnaitheacht a bhaint amach ó thaobh smaointe agus chur i gcrích an tsaothair. Tá meas mór againn ar shaothair atá curtha i gcrích, agus meas mar an gcéanna ar phoitéinseal, nó tuigimid gur minic a thagann an dea-ealaín de thoradh ar fhiosrú, ar thástáil agus, corruair, de thoradh ar fhaill nach raibh coinne léi.

An pobal
Tá dhá dhualgas orainn i leith an phobail. Ceann amháin díobh is ea raon leathan deiseanna a chur ar fáil chun go mbeidh daoine in ann blaiseadh de na healaíona. 'Dualgas cúraim' is ea an dara ceann, agus is dualgas i leith an cháiníocadóra é go háirithe i.e. féachaint chuige gur ar bhonn cothom a dháiltear na cistí poiblí a chuirtear ar fáil ar son na n-ealaíon, de réir na mbeartas atá leagtha amach agus de réir dhea-chleachtas sa tseirbhís phoiblí.

Forbairt fhadtéarmach
Féachaimid le cinntí a dhéanamh a rachaidh chun sochair na n-ealaíon go fadtéarmach, agus táimid tiomanta do bheith ag saothrú le daoine eile chun cuspóirí fadtéarmacha a chur i gcrích. Tá sin fíor in ainneoin go mbímid ag freastal ar riachtanais an ama i láthair, agus is riachtanais phráinneacha cuid acu sin.

Ár gCuspóirí

Socraíodh na cuspóirí seo i bhfianaise ár dtuisceana féin maidir lenár ról i saol na n-ealaíon san am i láthair, agus i bhfianaise na gcomhphléite cuimsitheacha a bhí againn le lucht na n-ealaíon, lucht déanta beartas poiblí agus páirtithe eile.

Ár gcuspóirí:

Luach na n-ealaíon sa tsochaí a dhearbhú agus a chur chun cinn.

Cabhrú le healaíontóirí a n-uaillmhianta ealaíne a bhaint amach.

Cur ar a gcumas do dhaoine blaiseadh de na healaíona ar bhonn níos fearr agus níos fairsinge.

Eagraíochtaí ealaíne ar fud na tíre a neartú chun go mbeidh pobal ealaíne bríomhar seasmhach ann.

Féachaint chuige go bhfeidhmíonn an Chomhairle Ealaíon go héifeachtach.

Luach na n-ealaíon sa tsochaí a dhearbhú agus a chur chun cinn

Chun an cuspóir sin a bhaint amach, déanfaimid na nithe seo a leanas:

Tacú le healaíontóirí agus le heagraíochtaí ealaíne iad féin agus a gcuid oibre a chur chun cinn agus abhcóideacht a dhéanamh ar a son féin.

Cur le feasacht an phobail ar ról na n-ealaíon sa saol laethúil.

Saothrú le ranna agus le gníomhaireachtaí rialtais, agus leis na hearnálacha deonacha agus príobháideacha, féachaint chuige go mbeidh na healaíona i gcroílár na sochaí.

Tacú le healaíontóirí agus le heagraíochtaí ealaíne iad féin agus a gcuid oibre a chur chun cinn agus abhcóideacht a dhéanamh ar a son féin.

Is é a dhéanfaimid:

clár tacaíochta a chruthú, leis na hacmhainní cuí, a chuirfidh ar a gcumas d'ealaíontóirí agus d'eagraíochtaí ealaíne a bheith ag abhcóideacht agus ag stocaireacht ar cheisteanna tábhachtacha;

ceiseanna traenála agus forbartha a thairiscint do bhaill fhoirne na n-eagraíochtaí ealaíne a chuirfidh ar a gcumas dóibh a bheith ina n-abhcóidí éifeachtacha ar son na n-ealaíon.

Cur le feasacht an phobail ar ról na n-ealaíon sa saol laethúil.

Is é a dhéanfaimid:

an staidéar ó 1994 dar teideal *The Public and the Arts* a uasdátú le go léireodh sé athruithe ar dhearcadh daoine i leith na n-ealaíon;

feachtas feasachta pobail a cheapadh agus a chur i ngníomh, i gcomhpháirt le healaíontóirí agus le heagraíochtaí ealaíne;

clár a cheapadh agus a chur i ngníomh, i gcompháirt leis na húdaráis áitiúla, a léireoidh cion tairbhe na n-ealaíon ar leibhéal áitiúil.

Saothrú le ranna agus le gníomhaireachtaí rialtais, agus leis na hearnálacha deonacha agus príobháideacha, féachaint chuige go mbeidh na healaíona i gcroílár na sochaí.

Is é a dhéanfaimid:

clár abhcóideachta a cheapadh agus a chur i ngníomh chun luach na n-ealaíon a chur ar a súile do lucht déanta beartas poiblí;

clár abhcóideachta a cheapadh agus a chur i ngníomh a léireoidh cé chomh lárnach is atá an t-oideachas ealaíne i ngach foirm ealaíne.

Cuimseoidh sin:

- comhoibriú leis an Roinn Oideachais, agus comhpháirtíochtaí ealaíne áitiúla, chun a dheimhniú go mbíonn scoth na n-ealaíon le fáil sna scoileanna agus ar fud an chórais oideachais fhoirmiúil;

- comhoibriú leo siúd atá ag plé le hoideachas neamhfhoirmiúil chun a áiteamh go héfeachtach gur chóir na healaíona a chur san áireamh i mbeartais agus i tionscnaimh foghlaim ar feadh an tsaoil;

clár tacaíochta a chruthú, bunaithe ar phrionsabail chomhpháirteachais, chun cabhrú le gníomhaireachtaí san earnáil phoiblí agus dheonach na healaíona a fhí isteach ina gcuid oibre.

Cabhrú le healaíontóirí a n-uaillmhianta ealaíne a bhaint amach

Chun an cuspóir sin a bhaint amach, déanfaimid na nithe seo a leanas:

Feabhas a chur ar ár raon d'fhoinsí tacaíochta praiticiúla.

Tacú le healaíontóirí luchtanna féachana/éisteachta a bhaint amach.

Feabhas a chur ar choinníollacha maireachtála agus oibre ealaíontóirí.

Feabhas a chur ar ár raon d'fhoinsí tacaíochta praiticiúla.

Is é a dhéanfaimid:

cláir mhaoinithe a athchóiriú le go mbeidís níos oiriúnaí do riachtanais na n-ealaíontóirí, idir riachtanais is eol dúinn agus tuilleadh a dtiocfaidh ann dóibh amach anseo;

an t-eolas agus an chomhairle a sholáthar atá riachtanach d'ealaíontóirí chun a gcuid saothair a fhorbairt agus a choimeád ar siúl. Déanfar sin trí thacú le heagraíochtaí speisialtóireachta.

Tacú le healaíontóirí luchtanna féachana/éisteachta a bhaint amach.

Is é a dhéanfaimid:

na foinsí tacaíochta a sholáthraímid chun saothair ealaíne a chraobhscaoileadh, trí chamchuairteanna, chraoltóireacht, fhoilsitheoireacht agus thaifeadadh a athbhreithniú agus a fheabhsú;

clár nua a cheapadh agus a chur i ngníomh chun cumas margaíochta na n-eagraíochtaí ealaíne a neartú.

Feabhas a chur ar choinníollacha maireachtála agus oibre ealaíontóirí.

Is é a dhéanfaimid:

tabhairt faoi mhórstaidéar ar choinníollacha maireachtála agus oibre ealaíontóirí a chónaíonn in Éirinn, iad seo a chur i gcomparáid le coinníollacha i dtíortha eile agus beart cuí a fhorbairt;

coinníollacha nua maoinithe a fheidhmiú i leith eagraíochtaí atá á maoiniú ag an gComhairle Ealaíon, chun a dheimhniú go gcuireann siad pá agus coinníollacha oibre sásúla ar fáil d'ealaíontóirí;

caighdeáin a chomhaontú agus a fheidhmiú maidir le fostaíocht agus coimisiúnú ealaíontóirí ag eagraíochtaí ealaíne agus eile;

abhcóideacht ar son deiseanna cuimsitheacha oideachais agus traenála a chur ar fáil d'ealaíontóirí;

a fháil amach cad iad riachtanais na n-ealaíontóirí i ngach foirm agus réimse ealaíne maidir le forbairt ghairmiúil de agus clár a chur ar siúl chun freastal ar na riachtanais sin.

Cur ar a gcumas do dhaoine blaiseadh de na healaíona ar bhonn níos fearr agus níos fairsinge

Chun an cuspóir sin a bhaint amach, déanfaimid na nithe seo a leanas:

Tacú le heagraíochtaí ealaíne agus eagraíochtaí agus comhlachtaí speisialtóireachta eile chun cur ar a gcumas do tuilleadh daoine blaiseadh de na healaíona.

Tacú le ról méadaithe na n-údarás áitiúil.

Deiseanna níos fearr a chruthú chun go mbeidh daoine óga in ann blaiseadh de na healaíona.

Tacú le hobair thábhachtach na ngrúpaí deonacha agus na n-ealaíon amaitéireach.

Tuilleadh deiseanna a thabhairt do dhaoine a bheith ag obair i gcomhar le healaíontóirí.

Tacú le heagraíochtaí ealaíne agus eagraíochtaí agus comhlachtaí speisialtóireachta eile chun cur ar a gcumas do tuilleadh daoine blaiseadh de na healaíona.

Is é a dhéanfaimid:

clár tacaíochta a fhorbairt chun cabhrú le heagraíochtaí ealaíne tuilleadh daoine a shroichint ar bhealach a oireann dá dtéarmaí tagartha agus dá n-uaillmhian féin;

clár tacaíochta a fhorbairt a chuirfidh ar a gcumas d'eagraíochtaí ealaíne taithí daoine ar na healaíona a fheabhsú;

comhpháirtíochtaí a chruthú agus a choimeád ar siúl i measc eagraíochtaí deonacha agus eagraíochtaí speisialtóireachta de chuid na hearnála poiblí d'fhonn deiseanna ardchaighdeáin ealaíne a chur ar fáil do dhaoine de gach aois is de gach cultúr.

Tacú le ról méadaithe na n-údarás áitiúil.

Is é a dhéanfaimid:

clár nua tacaíochta a chruthú chun freastal ar riachtanais na n-údarás áitiúil, idir riachtanais is eol dúinn cheana agus riachtanais a dtiocfaidh ann dóibh amach anseo, agus iad ag feidhmiú mar cheannairí maidir le forbairt na n-ealaíon go háitiúil, sainscileanna ealaíne san áireamh;

i gcomhpháirt leis na húdaráis áitiúla, acmhainní nua inbhuanaithe a aithint ar son na n-ealaíon ar leibhéal áitiúil d'fhonn cur le maoiniú tionscadal-bhunaithe;

saothrú le hoifigigh ealaíne agus le Cumann na mBainisteoirí Cathrach agus Contae chun táscairí feidhmíochta a fhorbairt ar son na n-ealaíon atá oiriúnach, íogair.

Deiseanna níos fearr a chruthú chun go mbeidh daoine óga in ann blaiseadh de na healaíona.

Is é a dhéanfaimid:

clár nua tacaíochta a chruthú ar son eagraíochtaí ealaíne a chuirfidh ar a gcumas dóibh deiseanna ealaíne ardchaighdeáin do pháistí a aithint agus a sholáthar;

clár a cheapadh agus a chur i ngníomh chun imeachtaí ealaíne ardchaighdeáin a sholáthar trí chomhpháirtíochtaí áitiúla 'ealaín san oideachas' ar bhun, dara agus tríú leibhéal;

Cur ar a gcumas do dhaoine blaiseadh de na healaíona ar bhonn níos fearr agus níos fairsinge

i gcomhpháirt leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus páirtithe eile, féachfaimid cé chomh hindéanta is a bheadh sé tionscnamh oideachais náisiúnta a bhunú, ag tosú le hoideachas ceoil;

saothrú le gníomhaireachtaí eile chun tacú le cleachtadh na n-ealaíon san oideachas neamhfhoirmiúil;
clár nua a fheidhmiú chun tacú le ensembles óige agus le heagraíochtaí náisiúnta a sholáthraíonn acmhainní ar son ealaíona na n-óg.

Tacú le hobair thábhachtach na ngrúpaí deonacha agus na n-ealaíon amaitéireach.

Is é a dhéanfaimid:
staidéar a chur i gcrích ar chleachtais sna grúpaí deonacha agus sna healaíona amaitéaracha chun fáil amach cad iad na slite is éifeachtaí chun tacú le h-eochair-eagraíochtaí;

igcomhar leis na heagraíochtaí agus na gníomhaireachtaí ábhartha, beartas ar son na n-ealaíon deonach agus amaitéarach a réiteach agus a fhoilsiú.

Tuilleadh deiseanna a thabhairt do dhaoine a bheith ag obair i gcomhar le healaíontóirí.

Is é a dhéanfaimid:
dul i dtreo maoiniú níos fadtéarmaí, inbhuanaithe don chomhobair ealaíne i bpobail, sa chóras sláinte agus i gcomhthéacsanna eile;

bonn níos leithne agus níos fearr a chur faoi na cláir chónaitheachta ealaíontóirí sna scoileanna, sna príosúin, i bpobail agus i suíomhanna eile.

Eagraíochtaí ealaíne ar fud na tíre a neartú chun go mbeidh pobal ealaíne bríomhar seasmhach ann

Chun an cuspóir sin a bhaint amach, déanfaimid na nithe seo a leanas:

Ár gcur chuige maidir le maoiniú a choigeartú chun go mbeidh sé in oiriúint do mhéid, do chineál agus do riachtanais na n-eagraíochtaí ealaíne.

Grúpa d'eochair-eagraíochtaí ealaíne a neartú agus a dhéanamh níos seasmhaí.

Cur leis an tacaíocht ar son na n-ealaíon ó mhaoinitheoirí eile agus ó fhoinsí eile.

Ár gcur chuige maidir le maoiniú a choigeartú chun go mbeidh sé in oiriúint do mhéid, do chineál agus do riachtanais na n-eagraíochtaí ealaíne.

Is é a dhéanfaimid:

clár nua maoinithe a chruthú a fhreastalaíonn ar riachtanais éagsúla;

deimhin a dhéanamh de go bhfuil ár riachtanas eolais a leagaimid síos oiriúnach do mhéid agus do chineál na n-eagraíochtaí a mhaoinímid;

ár modhanna meastóireachta a athbhreithniú agus a shoiléiriú agus beart a dhéanamh dá réir sin.

Grúpa d'eochair-eagraíochtaí ealaíne a neartú agus a dhéanamh níos seasmhaí.

Is é a dhéanfaimid:

athbhreithniú a dhéanamh ar conas a sholáthraímid tacaíocht airgeadais, ag cur béime ar chobhsaíocht leanúnach ó bhliain go bliain i gcomhair eagraíochtaí atá ag dul do ghníomhaíochtaí de thábhacht straitéiseach; déanfar athbhreithniú leanúnach ar bheartais a bhaineann lenár sainmhíniú ar cad is gníomhaíochtaí de thábhacht straitéiseach ann;

an t-eolas agus an chomhairle a sholáthar atá riachtanach d'eochair-eagraíochtaí chun a gcuid saothair a fhorbairt agus a choimeád ar siúl.

Cur leis an tacaíocht ar son na n-ealaíon ó mhaoinitheoirí eile agus ó fhoinsí eile.

Is é a dhéanfaimid:

feachtas a dhearadh chun tacaíocht dhaonchairdiúil ar son na n-ealaíon a mhéadú;

na foinsí tacaíochta a sholáthar atá riachtanach d'eagraíochtaí ealaíne chun a gcás a agairt agus caidreamh a chruthú le dreamanna a d'fhéadfadh iad a mhaoiniú amach anseo;

moltaí a chur i láthair an Rialtais chun stádas CBL níos fabhraí a chruthú ar son eagraíochtaí ealaíne;

comhpháirtíochtaí maoinithe a phlé leis na húdaráis áitiúla agus le gníomhaireachtaí eile, chun cobhsaíocht fhadtéarmach a chinntiú ar son gníomhaíochtaí de thábhacht straitéiseach a bhíonn ar siúl ag eagraíochtaí ealaíne;

moltaí a chur i láthair an rialtais ag imlíniú na riachtanas maidir le hinfheistíocht chaipitiúil sna healaíona.

Féachaint chuige go bhfeidhmíonn an Chomhairle Ealaíon go héifeachtach

Chun an cuspóir sin a bhaint amach, déanfaimid na nithe seo a leanas:

Cur lenár gcumas agairt ar son na n-ealaíon.

Ár gcaidreamh le lucht na n-ealaíon a fheabhsú.

Cloí le cur chuige atá bunaithe ar bheartas.

Plean mionsonraithe forfheidhmithe a réiteach agus a fhoilsiú agus na torthaí a thomhas.

Cur lenár gcumas agairt ar son na n-ealaíon.

Is é a dhéanfaimid:
ár gcumas chun cumarsáid shoiléir, dhíreach, éifeachtach a dhéanamh le lucht na n-ealaíon agus le páirtithe eile a fheabhsú, agus sin a chur chun sochair do lucht na n-ealaíon.

Ár gcaidreamh le lucht na n-ealaíon a fheabhsú.

Is é a dhéanfaimid:
modh oibre nua a thionscnamh atá bunaithe ar chumarsáid oscailte agus ar phrionsabail an mhalartú eolais, faisnéise agus sainscileanna;

ár bpróisis oibre uile a dhéanamh so-úsáidte ar shlí a gcomhlíonann ár ndualgais chuntasachta don rialtas. Daoine a spreagadh chun teacht chugainn agus a gcuid smaointe, uaillmhianta agus pleananna a phlé, fiú ag céim luath;

breathnú ar shlite nua chun tacaíocht airgeadais a sholáthar agus cobhsaíocht airgeadais a bhaint amach.

Cloí le cur chuige atá bunaithe ar bheartas.

Is é a dhéanfaimid:
gach ceann dár réimsí oibre a scrúdú i gcomhpháirt le lucht na n-ealaíon, agus, i bhfianaise na gcomhphléite sin, ráitis mionsonraithe a fhoilsiú maidir le beartas a mhíníonn réasúnaíocht ár gcuid tosaíochtaí agus na gcinntí a dhéanaimid maidir le maoiniú de.

deimhin a dhéanamh de go bhfuil sé d'acmhainn againn ár mbeartais a chur i ngníomh, tar eis iad a chomhaontú;

deimhin a dhéanamh de go bhfuil ár mbeartais solúbtha go leor chun freagairt d'fhorbairtí nua, gan radharc a chailleadh choíche ar leas fadtéarmach na n-ealaíon, agus ár mbeartais a athbhreithniú ar bhonn rialta;

clár nua a bhunú chun gur fearr a bheimid in ann saothrú i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí agus le comhlachtaí eile, d'fhonn deimhin a dhéanamh de go mbíonn ár mbeartais ábharthach, inchurtha i gcrích,

Féachaint chuige go bhfeidhmíonn an Chomhairle Ealaíon go héifeachtach

agus go gcomhlíonaimid ár ndualgas maidir le comhairle a chur ar an rialtas.

Plean mionsonraithe forfheidhmiúcháin a réiteach agus a fhoilsiú agus na torthaí a thomhas.

Is é a dhéanfaimid:

córas a thionscnamh a chuirfidh ar ár gcumas féachaint cé acu atá ag éirí linn nó ag teip orainn ár gcuspóirí a bhaint amach;

pleananna gníomhaíochtaí bliantúla a réiteach agus a fhoilsiú a leagann amach ár dtosaíochtaí don bhliain agus a mhíníonn an bhaint atá acu le cur i gcrích ár gcuspóirí.